Praghsanna arda

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phraghsanna atá ag ardú ar fud an domhain. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.



Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

the cost of living	_____
consumers	_____
fuel	_____
the housing crisis	_____
getting out of hand	_____
inflation rate	_____
social welfare schemes	_____
cost and tax	_____
soaked, immersed	_____
the gap	_____
poor people of the country	_____
the wealthy	_____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cá háit a bhfuil an t-ardú 5% tagtha ar phraghsanna tomhaltóirí?
2. Cad go díreach atá ag éirí níos daoire in Éirinn?
3. Tugann Marc Breathnach go leor samplaí de na rudaí atá níos daoire agus níos saoire i Lucsamburg i gcomparáid le rudaí in Éirinn. Cad iad?

4. An gceapann tú go bhfuil Niall Ó Domhnaill sásta san Iodáil? Cén fáth?

5. Cad é an eagla is mó atá ar Dhiarmaid Coffey faoi cheist an bhoilscithe sa Nua-Shéalainn?

Ceist 4 Pointí gramadaí – súil siar

'…níos costasaí..' agus ' … is costasaí…'

Líon na bearnaí sa tábla thíos leis na foirmeacha cearta de na haidiachtaí:

Aidiacht	**níos**	**is**
tábhachtach		
cuimsitheach		
suimiúil		
ginearálta		
ciúin		
saor		

'…an séú háit déag…' agus '…an tríú háit déag…'

Líon na bearnaí sa tábla thíos anois leis na horduimhreacha cearta agus foirmeacha cearta n-ainmfhocal a théann leo.

Na horduimhreacha	**urlár**	**bád**
1		
2 3 4 5 6 7 8 8 10		

Ceist 5 '… amhlaidh …'

Cuir na nathanna thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

- Is amhlaidh
- Is annamh
- Is gnách
- Is fiú
- Is mithid

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil praghsanna arda ag cur isteach ar do shaol féin?
2. Cén fáth a bhfuil an ráta boilscithe ag ardú, dar leat?
3. An bhfeiceann tú aon réiteach ar an bhfadhb? Pléigh.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

the cost of living	*an costas maireachtála*
consumers	*tomhaltóirí*
fuel	*breosla*
the housing crisis	*an ghéarchéim tithíochta*
getting out of hand	*ag dul as smacht*
inflation rate	*ráta boilscithe*
social welfare schemes	*scéimeanna leasa shóisialaigh*
cost and tax	*costas agus cáin*
soaked, immersed	*báite*
the gap	*an deighilt*
poor people of the country	*cosmhuintir na tíre*
the wealthy	*lucht an rachmais*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Aidiacht	**níos**	**is**
tábhachtach	tábhachtaí	tábhachtaí
cuimsitheach	cuimsithí	cuimsithí
suimiúil	suimiúla	suimiúla
ginearálta	ginearálta	ginearálta
ciúin	ciúine	ciúine
saor	saoire	saoire

Na horduimhreacha	**urlár**	**bád**
1 an chéad	urlár	bhád
2 an dara 3 an tríú 4 an ceathrú 5 an cúigiú 6 an séú 7 an seachtú 8 an t-ochtú 8 an naoú 10 an deichiú	hurlár	bád

Ceist 5
Is amhlaidh – it is so
Is annamh – it is seldom
Is gnách – it is customary
Is fiú – it is worth
Is mithid – it is high time

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a bhí ag an rang iomlán a phlé le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Anois, tá an rialtas le beartais a fhógairt an tseachtain seo le dul i ngleic leis an gcostas maireachtála sa tír, atá ag ardú i gcónaí. Tá an scéal amhlaidh i dtíortha ar fud na hEorpa agus ardú 5% tagtha ar phraghsanna do thomhaltóirí i limistéar an euro idir Eanáir 2021 agus Eanáir na bliana seo.

Caoimhe Ní Laighin
Tá an costas breosla agus bia ag ardú i gcónaí agus, ar ndóigh, tá an ghéarchéim tithíochta ag dul as smacht. Táimid ar an séú háit déag is costasaí ar domhan chun cónaí ann, de réir taighde nua a foilsíodh an tseachtain seo caite. Tá an ráta boilscithe ag thart ar 5.1% i limistéar an euro. Tá Lucsamburg níos costasaí ná muid, ar an tríú háit déag is costasaí ar domhan.

Marc Breathnach, Lucsamburg
Tá na costais chíosa nó mhorgáiste cuibheasach ard i gcomparáid le hÉirinn. Ag an am céanna, tá scéimeanna leasa shóisialaigh i bhfad níos cuimsithí anseo, fiú dóibh siúd atá ar thuarastal cuibheasach maith. Tá costas táirgí go ginearálta, ar tháirgí bia, píosa níos mó anseo. Ag an am céanna, tá costas agus cáin i bhfad níos ísle ar thobac nó alcól agus earraí ola.

Caoimhe Ní Laighin
Tá an Iodáil níos saoire ná Éire.

Niall Ó Domhnaill, Palermo, An tSicil
Tá an costas maireachtála níos lú go ginearálta, mar shampla, iompar, agus ní chaithim ach b'fhéidir fiche euro gach seachtain san ollmhargadh. An rud is tábhachtaí ná an cíos. Tá mé i mo chónaí i m'aonar in árasán mór i lár na cathrach agus tá an cíos níos lú ná leath an chíosa a d'íoc mé i mBaile Átha Cliath.

Caoimhe Ní Laighin
Tá an Nua-Shéalainn beagáinín níos saoire ná Éire ag áit uimhir a hocht déag.

Diarmaid Coffey, Christchurch, An Nua-Shéalainn
Tá ráta boilscithe thart ar 6% sa tír seo faoi láthair agus sin ar phraghsanna atá i bhfad níos airde ná in Éirinn cheana féin. Is é an chúis leis sin ná an t-ardú atá tagtha ar phraghsanna cíosa, ar phraghsanna bia agus ar phraghsanna breosla den chuid is mó.

Tá an praghas ar bhainne, ar im agus ar cháis dochreidte ar fad agus seo í tír atá báite i mbainne! Cuireann sé seo an-bhrú ar an rialtas chun rud éigin a dhéanamh faoin bhfadhb ach níl faic déanta acu cheana féin (fós). Agus tá eagla orm go méadóidh sé an deighilt atá sa tsochaí cheana féin, is í sin an deighilt idir cosmhuintir na tíre agus lucht an rachmais.

Caoimhe Ní Laighin
Tá sé admhaithe cheana féin ag an rialtas anseo go bhfuil go leor brú ar dhaoine agus tá sé i gceist acu beartais a fhógairt chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.